Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10727 — SANTANDER / STELLANTIS / OPEL BANK ASSETS / FCA BANK ASSETS / JV)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 442/06)

1. An 15 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Santander Consumer Finance, atá faoi rialú Banco Santander S.A. ("SCF", an Spáinn),

— Stellantis N.V. ("Stellantis", an Ísiltír),

— Sócmhainní an chomhair maoinithe, atá faoi rialú comhpháirteach Stellantis agus BNP Paribas Personal Finance ("OVF"),

— Sócmhainní an chomhair maoinithe, atá faoi rialú comhpháirteach Stellantis agus Crédit Agricole Consumer Finance ("FCAB") (OVF agus FCAB le chéile, an "Spriocghnólacht") agus

— Comhfhiontar idir SCF agus Stellantis (an "SCF-Stellantis JV").

Gheobhaidh SCF agus Stellantis rialú comhpháirteach ar SCF-Stellantis, a rialóidh an Spriocghnólacht, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Santander é SCF. Tá SCF ceadúnaithe sa Spáinn mar institiúid chreidmheasa agus tá sé rialaithe ag an mBanc Ceannais Eorpach agus faoi mhaoirseacht dhíreach an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Is cuideachta atá liostaithe go poiblí é Santander agus is grúpa baincéireachta é a bhfuil custaiméirí aige san Eoraip agus i gCríocha Mheiriceá,

— Tá Stellantis gníomhach ar fud an domhain i bhforbairt, i monaraíocht agus i ndáileadh motarfheithiclí, faoi na cúig bhranda déag seo a leanas: Peugeot, Citroën, DS Automobiles, Opel, Vauxhall, Abarth, Alfa Romeo, Chrysler, Dodge, Fiat, Fiat Professional, Jeep, Lancia, Maserati agus Ram,

— Tairgeann OVF agus FCAB iasachtaí agus léasanna a bhaineann le feithiclí brandáilte Stellantis chomh maith le hiasachtaí do dhíoltóirí gluaisteán,

— Is éard a bheidh i SCF-Stellantis JV an Spriocghnólacht.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10727 — SANTANDER / STELLANTIS / OPEL BANK ASSETS / FCA BANK ASSETS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË